C/2026/3450

25.6.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12450 — GA GROUP / TA / POWERGEM)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3450)

1. An 16 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— General Atlantic (PWG), L.P. agus in éineacht lena chistí infheistíochta cleamhnaithe ('GA', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú GASC MGP, LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— TA Associates Management, L.P. ('TA', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú deiridh TA Associates. (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— PowerGEM Topco, L.P. ('PowerGEM', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú aonair TA faoi láthair.

Gheobhaidh GA agus TA rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar PowerGEM.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir fáis domhanda é GA a sholáthraíonn caipiteal agus tacaíocht straitéiseach,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda é TA a bhfuil cuideachtaí punainne aige atá gníomhach i dtionscail roghnaithe, lena n-áirítear seirbhísí gnó, réimse an tomhaltóra, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte agus teicneolaíochtaí, agus feidhmíonn sé ar fud an domhain.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó PowerGEM: soláthar bogearraí ionsamhlúcháin eangaí cumhachta agus fuinnimh, agus seirbhísí comhairliúcháin gaolmhara go príomha do chustaiméirí sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada. I measc na réiteach bunchumas atá aige tá ionsamhlú lóid chun iontaofacht eangaí a áirithiú, bogearraí réamhaisnéise chun deiseanna coigilte costais agus arduithe tobanna ar phraghsanna a shainaithint nuair a bhíonn éileamh ard ar chumhacht, bogearraí samhaltaithe cásanna le haghaidh pleanáil forbartha acmhainneachta, agus bogearraí samhaltaithe costas táirgí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12450 — GA GROUP / TA / POWERGEM

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË